

# Bainistiú ar theagmhálacha othar eitinne MDR agus eitinne XDR

Achoimre

## An dúshlán

Tá eitinn atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugai (eitinn MDR) agus eitinn atá thar a bheith frithsheasmhach in aghaidh drugaí (eitinn XDR) ina mbagairtí suntasacha sláinte poiblí chomh maith le bheith ina ndúshlán mór do chosc agus rialú na heitinne san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (AE/LEE). De réir mar a mhéadaíonn líon na ndaoine a ngoilleann eitinn MDR nó eitinn XDR orthu, is amhlaidh a mhéadaíonn líon a dteagmhálacha chomh maith – agus is iad na teagmhálacha sin ach go háirithe a gcaithfear a aithint agus a bhainistiú go cuí. Tá bainistiú ar theagmhálacha na n-othar eitinne MDR nó eitinne XDR thar a bheith dúshlánach mar gur teoranta go maith an bonn fianaise don dea-chleachtas.

## Treoir Sláinte Poiblí

Tríd an fhianaise eolaíoch agus na tuairimí saineolacha is déanaí ar an ábhar a chur i láthair, soláthraíonn an doiciméad seo treoir ar shaincheisteanna ábhartha i ndáil le bainistiú ar theagmhálacha na n-othar eitinne MDR agus eitinne XDR. Is iad an lucht léite spriocdhírthe saineolaithe ar shláinte phoiblí agus lucht déanta beartais i mBallstáit an AE/LEE atá ag forbairt treoirilinte nó moltaí náisiúnta i ndáil le bainistiú na dteagmhálacha eitinne MDR agus eitinne XDR.

## Dhá rogha

Maidir le heitinn atá so-ghabhálach i leith drugaí, tá sé léirithe ag an soláthar teiripe choisctheach do dhaoine le hionfhabhtú folaigh eitinne (LTBI) gur modh éifeachtach í i ndáil leis an riosca a laghdú maidir le forbairt an ghalair eitinne i measc teagmhálacha ionfhabhtaithe. Tá an coincheap bailí chomh maith don eitinn MDR agus don eitinn XDR, ach tá sé teoranta ag an easpa infhaighteachta reatha ar dhruagaí atá éifeachtach i gcoinne ionfhabhtú eitinne MDR agus ionfhabhtú eitinne XDR a léiríonn próifíl inghlactha teagmhas-diobhálach i nduine atá sláintiúil seachas sin.

Is í an rogha malartach ar theiripe choisctheach ná faisnéis a sholáthar agus leanúint ina dhiaidh sin le breathnóireacht chliniciúil chúramach na teagmhála aitheanta a mheastar go bhfuil LTBI aici. Cinntíonn sé sin luath-bhrath na siomptóm um ghalair na heitinne ionas gur féidir cóireáil na heitinne a thionscain ag an tráth is luaithe más amhlaidh go bhforbraíonn an galar.

## Easpa dlúth-fhianaise

Tá an-easpa fianaise ann i ndáil le teiripe choisctheach san eitinn MDR agus san eitinn XDR. Níl aon fhianaise dhochloíte sna staidéir a cuireadh i gcrích ar bhuntáistí agus ar theagmhais dhiobhálacha na teiripe coiscthí. Is teorannú í an easpa dlúth-fhianaise i ndáil le treoir a sholáthar ar an ábhar, agus tá na moltaí a ndéantar bunaithe go mór ar thuairimí saineolacha. Ba cheart a lua, toisc nach ndiúltaíonn nó nach dtacaíonn an bonn fianaise reatha

le soláthar na teiripe coiscthí leis na drugaí atá infhaighte faoi láthair, go bhfuil an dá rogha réamhluaite bailí go fóill i ndáil le hionfhabhtú eitinne MDR agus eitinne XDR.

## Tuairimí saineolacha

Léiríonn an painéal saineolaithe a gcuid tacaíochta don dá rogha dhifriúil: teiripe choisctheach agus/nó breathnóireacht chliniciúil chúramach. An prionsabal lárnach a leanann an painéal saineolaithe i ndáil lena dtuairimí ná gur ceart go mbeadh measúnú riosca cuimsitheach mar chuid den mheastóireacht ar an teagmháil eitinne MDR nó eitinne XDR. Ba cheart go dtabharfadh an measúnú riosca indibhidiúil aird ar na nithe seo a leanas: riosca na teagmhála eitinne MDR le múnlú chuig galar na heitinne; an patrún so-ghabháltachta drugaí um chás foinse an ionfhabhtaithe; agus riosca na teagmhála i leith teagmhais dhiobhálacha drugaí má tá teiripe choisctheach á thionscain. I gcás na heitinne XDR, tá na réimeanna drugaí féideartha atá ar fáil teoranta go maith agus níl cruthúnas éifeachtúlachta leo, dá réir sin d'fhéadfadh gurb í an bhreathnóireacht ghéar an t-aon rogha atá ann.

## Conclúid

Ní mór go mbeadh bainistiú ar theagmhálacha na n-othar eitinne MDR agus eitinne XDR á threorú ag measúnú riosca cuimsitheach indibhidiúil a thugann aird ar na rioscaí agus buntáistí indibhidiúla nuair atá buntáistí agus mibhuntaistí na teiripe coiscthí á meas.

Tá géarghá le tuilleadh taighde, go háirithe in dhá réimse ar leith: staidéir ag measúnú buntáistí na teiripe coiscthí i dteagmhálacha eitinne MDR agus eitinne XDR, agus anailis chostais is tairbhe ar chur chun feidhme na teiripe coiscthí i mBallstáit an AE/LEE. Aithnímid go bhfuil staidéir leanúnacha ar bun agus gur cosúil go dtacaíonn siad le húsáid na teiripe coiscthí, ach caithfear na torthaí sin a dheimhniú i staidéir níos cuimsithí agus i socruithe eile. D'fhéadfadh go mbeadh a thuilleadh drugaí breise ar fáil do chóireáil na heitinne MDR, agus dá réir sin beidh gá le nuashonrú an doiciméid treorach seo.